Rabhadh Gála

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ghaoth ard a bheidh ag séideadh anocht.

Bí ag obair leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír? Iarraigí ar an teagascóir cabhrú libh mura bhfuil sibh cinnte.

foláireamh oráiste
céad tríocha ciliméadar
i bhfeidhm
ceann de na háiteanna a bhí buailte
luas
eisithe
cuir ar ceal
b'éigean do thiománaithe
malairt slí
cúramach

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Éist leis an mír den dara huair agus marcáil ar an léarscáil an áit a bhfuil an foláireamh buí agus an foláireamh oráiste:

An tuaisceart

An t-iarthuaisceart



An t-oirthuaisceart

An t-iarthar

An t-oirthear

An t-iardheisceart

An t-oirdheisceart

An deisceart

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

(1) Cé chomh láidir is a bheidh an ghaoth in iarthar agus in iarthuaisceart na tíre?

(2) Cé chomh láidir is a bheidh an ghaoth i gcúige Laighean agus i ndeisceart na tíre?

(3) Cad a tharla in Aerfort Dhún na nGall inniu?

(4) Cén fáth a gcaithfidh tiománaithe in aice le Carraig Airt malairt slí de thríocha míle a dhéanamh?

Ceist 4 **An aidiacht bhriathartha**

Bhí an aidiacht bhriathartha de na briathra seo thíos le cloisteáil sa mhír. Féach ar an mír arís agus déan iarracht iad a aimsiú.

fógair	_____
geall	_____
buail	_____
eisigh	_____
druid	_____

Cuir na haidiachtaí briathartha sin in abairtí anois.

Ceist 5 Luadh cúige Laighean sa tuairisc. Cad iad na cúigí eile?
Marcáil na cúigí agus na contaetha ar an léarscáil (faoi cheist 2) trí uimhir an chontae a chur san áit chuí ar an léarscáil.

Cúige	Cúige
1. Contae na Gaillimhe 2. Contae Liatroma 3. Contae Mhaigh Eo 4. Contae Ros Comáin 5. Contae Shligigh	6. Contae Chiarraí 7. Contae an Chláir 8. Contae Chorcaí 9. Contae Luimnigh 10. Contae Phort Láirge 11. Contae Thiobraid Árann
Cúige Laighean	**Cúige**
12. Contae Bhaile Átha Cliath 13. Contae Cheatharlach 14. Contae Chill Chainnigh 15. Contae Chill Dara 16. Contae Chill Mhantáin 17. Contae na hIarmhí 18. Contae Laoise 19. Contae Loch Garman 20. Contae an Longfoirt 21. Contae Lú 22. Contae na Mí 23. Contae Uíbh Fhailí	24. Contae Aontroma 25. Contae Ard Mhacha 26. Contae an Chabháin 27. Contae Dhoire 28. Contae an Dúin 29. Contae Dhún na nGall 30. Contae Fhear Manach 31. Contae Mhuineacháin 32. Contae Thír Eoghain

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

- Déan cur síos ar an aimsir is measa a chonaic tú riamh?
- Cad a cheapann tú faoi aimsir na hÉireann go ginearálta?
- Cad í an cineál aimsire is fearr leat? Cén fáth?
- An bhfuil aimsir na hÉireann ag athrú de bharr an athraithe aeráide? Conas?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

orange warning – *foláireamh oráiste*
130km – *céad tríocha ciliméadar*
effective/ in place – *i bhfeidhm*
one of the places that was hit - *ceann de na háiteanna a bhí buailte*
speed – *luas*
issued – *eisithe*
cancel – *cuir ar ceal*
drivers had to – *b'éigean do thiománaithe*
diversion – *malairt slí*
careful – *cúramach*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

fógair	*fógartha*
geall	*geallta*
buail	*buailte*
eisigh	*eisithe*
druid	*druidte*

Ceist 5



Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá foláireamh oráiste fógartha ag Met Éireann i gcúig chontae in iarthar na tíre, agus san iarthuaisceart, agus gaotha suas le céad tríocha ciliméadar san uair geallta. Beidh an foláireamh i bhfeidhm go dtí meán oíche anocht agus iarrtar ar dhaoine, go háirithe tiománaithe a bheith cúramach.

Caoimhe Ní Chonchoille
Farraige gharbh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin i nGaoth Dobhair, i gContae Dhún na nGall, ceann de na háiteanna a bhí buailte ag gaoth láidir inniu. Agus luas le suas le céad tríocha ciliméadar san uair ag an ghaoth, tá foláireamh oráiste eisithe ag Met Éireann do Dhún na nGall, Liatroim, Maigh Eo, Sligeach agus Gaillimh. Tá foláireamh buí eisithe don chuid is mó de Chúige Laighean agus d'áiteanna éagsúla sa deisceart, agus gaoth d'idir nócha agus céad is a deich ciliméadar san uair ag séideadh sna háiteanna sin.

Ag Aerfort Dhún na nGall, d'éirigh le heitilt na maidine go Baile Átha Cliath imeacht ach b'éigean na heitiltí eile san iarnóin a chur ar ceal de bharr na haimsire.

Anseo, cúpla míle ó Charraig Airt tá Droichead *Harry Blaney* anseo ar mo chúl druidte mar gheall ar chomh láidir is atá an ghaoth inniu. Deir na húdaráis nach bhfosclófar[1] arís é, go dtí go laghdóidh an ghaoth. In áit dul trasna an droichid b'éigean do thiománaithe dul ar mhalairt slí ar feadh tríocha míle. Tá an foláireamh oráiste i bhfeidhm in iarthar agus in iardheisceart na tíre go dtí meán oíche anocht. Táthar ag iarraidh ar dhaoine a bheith cúramach, go háirithe agus iad ag tiomáint.

Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4, i nGaoth Dobhair, i gContae Dhún na nGall.

[1] *osclófar* atá sa Chaighdeán Oifigiúil